150 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Teileafón: (01)  871 6727
Íosghlao: 1890 600 800
Faics:     (01)  814 7023
Riomhphost:    info@gsoc.ie

Brian Lenihan Uasal, T.D.,
An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,
94 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.
31 Márta 2008.

A Aire,
Is mór againn an dara Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i do láthair le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais mar a fhorordaítear in Acht an Gharda Síochána 2005.

Tháinig Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána i ngníomh ar an 9 Bealtaine 2007 nuair a thosaigh sé ag glacadh le gearáin, de réir an Achta. Ar an dáta céanna d'éirigh Bord Gearán an Gharda Síochána as gearáin a ghlacadh.

Is dul chun cinn suntasach é teacht Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána i gcuntasacht agus trédhearcacht na póilíneachta sibhialta sa Stát seo. Fágann sé go bhfuil Éire i measc cohórt an-bheag de dhlínsí faoin Dlí Coiteann a bhfuil forálacha den chineál céanna i bhfeidhm iontu anois.

Ba údar sásaimh é mar sin, le linn na tréimhse a bhfuil athbhreithniú  á dhéanamh air, a chloisint go bhfuil an samhail seo á scrúdú ag roinnt de dhlínsí eile an AE féachaint an bhféadfaí é a chur in oiriúint dá riachtanais féin.

Mar a tharlaíonn le heagraíocht nua ar bith tá cineál próisis éabhlóidigh ar siúl i gCoimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus  a ról á shoiléiriú aige agus léirmhíniú níos soiléire á dhéanamh ar a charachtar corparáideach. Tá cosúlachtaí idir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus a mhacsamhail i dTuaisceart Éireann, Oifig Ombudsman na bPóilíní do Thuaisceart Éireann. Tá cosúlachtaí freisin le Independent Police Complaints Commission i Sasana agus sa Bhreatain Bheag.

Ina dhiaidh sin féin níl ach cosúlachtaí áirithe ann. Is mian leis na Coimisinéirí béim a leagan ar a ndiongbháílteacht Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an-sonracha an phobail agus na seirbhíse póilíneachta sa dlínse seo.

Tá dearcadh soiléir ag na Coimisinéirí ar ról na heagraíochta sa chaidreamh idir an pobal i gcoitinne agus an Garda Síochána. Ba chóir go mbeadh an toiliú agus muinín idir na póilíní agus an pobal mar thaca leis an samhail phóilíneachta atá againn, agus is gné riachtanach í an iontaoibh i gcuntasacht na bpóilíní chun an muinín sin a chothú.

Ní mór d'fheidhmiú córais chun déileáil le saincheisteanna iompar póilíní atá éifeachtach, éifeachtúil agus cóir do gach duine a bhfuil baint acu leis agus a bhfuil iontaoibh ann ag na ndaoine sin as a bhaineann úsáid as, a bheith i gcróilár an phróisis seo.

Kevin Haugh (Cathaoirleach) Carmel Foley (Coimisinéir) Conor Brady (Coimisinéir)

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

2Ú TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

CLÁR ÁBHAIR

Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ........1
Liostaí Táblaí agus Mapaí ..........................................................5
Acrainmneacha ............................................................................6
Achoimre Fheidhmeach...........................................................7
1. Gearáin agus Imscrúduithe ........... ...........................10
   1.1 Gearáin a ghlacadh...................................................10
   1.2 Freagra ar ghearáin.................................................12
      - Réiteach neamhfhoirmiúil agus idirghabháil
      - Alt 94
      - Alt 98
   1.3 Treoirlínte do réiteach neamhfhoirmiúil ..................... ...................17
   1.4 Rialacha gnásúla d'imscrúduithe faoi Alt 95 .........................17
   1.5 Tuairisciú torthaí imscrúduithe..................................17
   1.6 Imscrúduithe faoi alt 102 .........................................18
      - Alt 102(1) Tarchuir ó Choimisinéir an Gharda
      - Alt 102(4) Imscrúduithe is suim leis an bpobal
   1.7 Scrúdú ar chleachtais, ar bheartais agus ar nósanna imeachta an Gharda Síochána .......23
   1.8 Prótacail ..............................................................24
2. Muinín an phobail a spreagadh........................................25
   2.1 Dearcaidh an phobail agus an gharda ....... .......................25
   2.2 Grúpa Comhairleach................................................... ..26
   2.3 Caidreamh leis na Meáin..................................................27
   2.4 Láithreán gréasáin.............................................................27
   2.5 Leabhráin .........................................................................28
   2.6 Imeacht seolta agus bolscaireacht ....................................30
   2.7 Clár for-rochtana don phobal ..........................................31
   2.8 Léachtanna ag Coláiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór .......32
   2.9 Cláir forbartha mhaoirseoireachta bhainistithe an Gharda Síochána...........33
   2.10 Cuairteanna ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.................33
3. Cumhachtaí GSOC .....................................................34
   3.1 Athruithe reachtúla i 2007 ..............................................34

3.2 Leasaithe Suntasacha ar an Acht go dáta . ..................................34
3.3 Tuilleadh leasaithe ....................................................35
4. Bainistiú agus Srianadh................................................36
4.1 Oifigigh ................................................................36
4.1.1 Earcaíocht...........................................................36
4.1.2 Oiliúint .............................................................37
4.1.3 Oifigigh Imscrúduithe...............................................37
4.1.4 Oiliúint Imscrúdaitheoirí..............................................38
4.1.5 Acmhainní Daonna ......................................................38
4.2 Riarachán .......................................................39
4.2.1 Imscrúduithe .........................................................39
4.2.2 Seirbhísí Dlíthiúla.........................................................39
4.2.3 Seirbhísí Corparáideacha...............................................39
4.2.4 Foirgneamh ...............................................................40
4.2.5 Beartais.............................................................................41
4.2.6 Sábháilteacht ...............................................................41
4.2.7 Infrastruchtúr Teichneolaíocht an Eolais.......................42
4.2.8 Ríomhaireacht Mhóibíleach ...........................................42
4.2.9 Córas Bainistithe Cáis...................................................42
4.2.10 Seirbhísí Tacíochta IT...................................................43
4.2.11 Measúnú Leochaileachta...............................................43
4.3 Gnó .............................................................43
5. Conclúid……..................................................................45
Aguisín………..............................................................50
Prótacail idir Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus an Garda Síochána

Liosta Táblaí agus Mapaí

Tábla 1: Líon/stádas inghlacthachta gearán a fuarthas idir 9/5/2007 agus 31/12/2007
Tábla 2: Gearáin glactha agus réitithe idir 9/5/2007 agus 31/12/2007
Tábla 3: Stádas gearán inghlactha ar 31/12/2007
Mapa 1: Minicíocht ghearán in aghaidh Roinne den Gharda Síochána
Mapa 2: Minicíocht ghearán in aghaidh Roinne den Gharda Síochána (DMR)
Tábla 4: Inscne an Ghearánaí
Tábla 5: Aois an Ghearánaí
Tábla 6: Náisiúntacht an Ghearánaí
Tábla 7: An Cineál Líomhna
Tábla 8: Inscne an Gharda
Mapa 3: Minicíocht tarchuir alt 102 in aghaidh na roinne den Gharda Síochána
Mapa 4: Minicíocht tarchuir alt 102 in aghaidh na roinne den Gharda Síochána (DMR)
Tábla 9: Aois an pháirtí dhíobhálaithe Neamhgharda

Tábla 10: Lá tarchuir na seachtaine
Tábla 11: Comparáid idir suirbhéanna dearcadh an phobail agus an Gharda Síochána
Tábla 12: Buiséad agus Caiteachas GSOC, Eanáir – Nollaig 2007

táblaí agus mapaí

Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| GSOC | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána |
| OPONI | Oifig Ombudsman na bPóilíní do Thuaisceart Éireann |
| IPCC | Coimisiún Gearán Neamhspleách na bPóilíní (do Shasana agus don Bhreatain Bheag) |
| CAF | Áis Iarratas Lárnach |
| GSCB | Bord Gearán an Gharda Síochána |
| ICS | Seirbhísí Ríomhaireachta Neamhspleácha |
| NUI | Ollscoil na hÉireann |
| DJELR | An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí |
| HSE | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| EPAC | Comhpháirtithe Eorpacha in aghaidh Caimiléireachta |
| NACOLE | An Cumann Náisiúnta do Mhaoirseacht Shibhialta um Fheidhmiú an Dlí |
| CACOLE | Cumann Cheanada do Mhaoirseacht Shibhialta um Fheidhmiú an Dlí |
| OPW | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| PAS | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí |
| HR | Acmhainní Daonna |
| T&S | Taisteal agus Cothú |
| HEO | Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| EO | Oifigeach Feidhmiúcháin |
| ICT | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| VoIP | Prótacail Idirlín Guthaithe |
| CMS | Córas Bainistithe Cáis |
| MIS | Córais Bhainistithe Faisnéise |
| IT | Teicneolaíocht Faisnéise |
| PSNI | Seibhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann |
| FAQanna | Ceisteanna a Chuirtear go Minic |
| AGSI | Cumann Sáirsintí agus Cigirí den Gharda Síochána |
| GRA | Cumann Ionadaíoch an Gharda Síochána |

## ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Déileálann an tuarascáil seo le forbairtí sa tréimhse ó cuireadh an chéad Thuarascáil Bhliantuil de chuid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) i láthair ar an 31 Márta 2007, go dtí 31 Nollaig 2007. Mar sin clúdaíonn sé tréimhse ghairid, 1 Aibreán

go 8 Bealtaine, tráth a raibh an eagraíocht ag ullmhú le bheith lánoibríochtúil, agus tréimhse 7 mí agus 22 lá de ghníomhaíocht oibríochtúil.

Leagann Caibidil 1 amach cuspóir (a) an GSOC agus na feidhmeanna a sannadh don GSOC faoi Acht an Gharda Síochána 2005 (an tAcht). Déileálann an chaibidil le glacadh agus le próiseáil 2,084 gearán in aghaidh comhaltaí den Gharda Síochána agus na himscrúduithe a rinne GSOC. Measadh go raibh 556 de na gearáin neamh-inghlactha agus go raibh 952 inghlactha. Fuair GSOC 1135 iarratas eile ón bpobal i gcoitinne freisin.

De na gearáin ar measadh iad a bheith inghlactha, measadh go raibh 228 oiriúnach le haghaidh réitigh neamhfhoirmiúil nó idirghabhála, 340 oiriúnach d'imscrúdú ón nGarda Síochána, faoi mhaoirseacht nó gan mhaoirseacht GSOC, agus 384 oiriúnach d'imscrúdú ó imscrúdaitheoirí GSOC mar gur cion coiriúil a bheadh sna líomhaintí dá gcruthófaí iad. Thug GSOC 470 cás chun críche i 2007. Cuireadh cúig chomhad go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP)le go ndéanfadh sé iad a mheas. Chinn an Stiúrthóir nach mbeadh aon ionchúiseamh ann ag éirí as na cúig chomhad sin.

Léirigh sonraí a bhailigh GSOC i 2007 gur Éireannach fireann, idir 18 – 30, ó cheantar Bhaile Átha Cliath an gearánaí is cruthanta a mhaíonn gur bhain comhalta den Gharda Síochána mí-úsáid as a údarás/húdarás.

Sa tréimhse chéanna fuair GSOC 247 tarchur ó Choimisinéir an Gharda Síochána faoi alt 102(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005. Is cásanna iad seo inar dhóigh don Choimisinéir go bhféadfadh gur eascair bás duine, nó díobháil thromchúiseach do dhuine as iompar garda.

Bhain dhá cheann déag de na tarchuir seo le bás duine.

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, shocraigh GSOC tús a chur le himscrúdú amháin faoi alt 102(4) den Acht, ar mhaithe le leas an phobail.

Dhá uair i rith na tréimhse a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air, scríobh GSOC chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (an tAire), maidir le scrúduithe ar 'chleachtas, beartas nó nós imeachta' an Gharda Síochána, de réir alt 106 den Acht. I gcás amháin d'iarr an tAire go ndéanfadh GSOC scrúdú.

Le linn na tréimhse réamh-oibríochtúil socraíodh prótacail oibríochtúla le Coimisinéir an Gharda Síochána. Socraíodh agus síneadh na Prótacail ar 08/05/2007. Rinneadh athbhreithniú ar na Prótacail, rinneadh leasú orthu agus síníodh leagan nua ar 01/08/2007.

Breithníonn Caibidil 2 gníomhaíochtaí GSOC chun cuspóir (b) a bhaint amach – muinín an phobail a chur chun cinn mar atá leagtha amach san Acht. Chun tagarmharcáil a dhéanamh ar fheidhmíocht GSOC rinneadh suirbhé ar dhearcadh an phobail agus ar dhearcadh an Gharda Síochána in Aibreán. Déanfar comparáid idir iad agus suirbhé eile dá leithéid a dhéanfar i 2008. Bhuail grúpa comhairleach, lena n-áirítear an Garda Síochána, cumainn fóirne na nGardaí, Coimisiún Cearta Daonna na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, (DJELR), le chéile faoi dhó i 2007. Chruthaigh sé seo go maith mar fhóram úsáideach chun cursaí leasa choitinn a phlé. Thug GSOC freagra ar gach iarratas a fuarthas ó na meáin le linn 2007. Rinneadh athdhearadh ar an láithreán gréasáin agus tugadh suas chun dáta é in aghaidh na míosa le figiúirí ar ghearáin agus ar tharchuir, mar aon le haon ráiteas poiblí a rinne GSOC de réir mar a d'eascair sé. Táirgeadh leabhráin eolais don

phobal agus don Gharda Síochána. Dáileadh leabhráin ar Stáisiúin na nGardaí, ar lárionaid eolais chathartha, ar leabharlanna agus cuireadh ar fáil iad d'aon eagras nó grúpa a lorg iad. Dáileadh pacáistí eolais do chomhaltaí an Gharda Síochána ar gach comhalta sula raibh feidhm le GSOC. Chuaigh GSOC i mbun clár for-rochtana a raibh cur i láthair do ghrúpaí a léirigh suim i GSOC san áireamh ann. Thug daoine den fhoireann léachtanna do mhicléinn agus do phromhóirí na ngardaí i gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór agus ag cláir fhorbartha mhaoirseoireachta bhainistithe do chomhaltaí den Gharda Síochána a bhí ag fónamh. Bhí GSOC ina óstach do chuairteanna ó pháirtithe leasmhara, lena n-áiritear Thomas Hammarberg, Coimisinéir Cearta Daonna Chomhairle na hEorpa.

Breithníonn Caibidil 3 feidhmiú an Achta. Cuireadh roinnt leasaithe isteach san Acht um Cheartas Coiriúil 2007 ar iarratas na gCoimisinéirí. Tá tuilleadh leasuithe á n-éileamh anois agus tá GSOC i mbun comhráití le hoifigigh DJELR chun iad seo a chur chun cinn. Tá mionsonraí na leasuithe seo leagtha amach sa Tuarascáil Dhá Bhliana de chuid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a cuireadh i láthair an Aire i bhFeabhra 2008, de réir alt 80(2) den Acht. Ba mhaith leis na Coimisinéirí a mbuíochas a chur in iúl as freagrúlacht agus cuirtéis oifigigh iomchuí DJELR ina gcomhráití leo ar na hábhair seo.

Déanann Caibidil 4 cur síos ar ghnóthachtálacha riaracháin lárnacha éagsúla na heagraíochta i 2007. Ba é cuspóir na rannóg riaracháin a chinntiú gur earcadh, oileadh agus gur cóiríodh daoine den fhoireann agus gur cuireadh timpeallacht oibre slán ar fáil dóibh. Earcadh baill foirne ó raon leathan cúlraí éagsúla tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS), 75 in iomlán faoi dheireadh na bliana. Chuir Ollscoil Portsmouth agus Cumann Onórach Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath, dian-oiliúint ar fáil d'imscrúdaitheoirí agus d'oifigigh cháis ag an staid réamh-oibríochta agus ar bhonn leanúnach ina dhiaidh sin. Dearadh seirbhís acmhainní daonna chuimsitheach agus cuireadh i bhfeidhm í.

Chun cur ar chumas rannóga eile na heagraíochta feidhmiú go héifeachtach agus an GSOC a chumasú chun a bheith freagrach as caiteachas, chuir seirbhísí corparáideacha seirbhísí riachtanacha ar fáil ó fheistiú oifigí go nósanna imeachta soláthair. Cuireadh beartais i scríbhinn agus cuireadh le chéile i leabhrán foirne iad. Chinntigh IT go raibh seirbhísí riachtanacha teileafóin agus ríomhaire ar fáil do thréimhse oibríochtúil GSOC. Ceapadh córas bainistithe cáis eatramhach agus d'fheidhmigh sé go deireadh na bliana. Bronnadh conradh ar ICS Computing Ltd., Béal Feirste, chun córas bainistithe cáis saincheaptha a chur ar fáil agus meastar go mbeidh an córas sin ag feidhmiú i 2008. Rinneadh tástáil leochailleachta ar an gcóras atá ann faoi láthair agus fuarthas amach go raibh córais GSOC slán. Rinneadh socruithe slándála ar leith do dhaoine den fhoireann a raibh orthu bheith ag obair lasmuigh den oifig, e.g. ag láithreacha teagmhas.

I gCaibidil 5, conclúid na tuarascála seo, leagtar amach dearcadh GSOC gur dearnadh dul chun cinn sásúil le linn na tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil seo, i dtreo bunú GSOC mar chomhlacht feidhmithe a raibh an acmhainn aici freastal ar a chuspóirí faoin Acht.

Creideann GSOC go bhfuil forálacha iomchuí an Achta oiriúnach ar an mór gcóir chun CSOC a chumasú lena dhualgais a chomhlíonadh. Ina dhiaidh sin féin de réir mar a ghluais an eagraíocht i dtreo stádas iomlán oibríochta, ba léir gur theastaigh roinnt mionathruithe. Creideann GSOC, agus na leasaithe cuí i bhfeidhm, go mbeidh sé ar

chumas GSOC déileáil go gasta agus go cuí le líon mór gearán sách beagbhríoch. Cuirfidh sé seo, ar a sheal, ar chumas na heagraíochta a cuid acmhainní a dhíriú ar chúrsaí níos tromchúisí. Ceapann na Coimisinéirí go mbeidh sé indeánta riachtanais acmhainní daonna na heagraíochta a thomhais go cruinn, maidir lena hualach oibre, nuair a bheidh feidhm leis na leasuithe reachtúla.

Ba údar ar leith sásaimh é a thabhairt ar aird gur fheidhmigh socruithe oibre idir oifigigh GSOC agus pearsanra an Gharda Síochána go maith ar an talamh agus gur stiúradh na socruithe sin go gairmiúil agus le cóimheas. Is léir do na Coimisinéirí gur chomhlíon formhór mór de chomhaltaí an Gharda Síochána a bhfeidhmeanna go gairmiúil, le disciplín, tiomantas agus tuiscint ar dhualgas.

Creideann na Coimisinéirí, ainneoin roinnt deacrachtaí a bheadh ag baint le tosú amach, deacrachtaí dosheachanta b'fhéidir, go bhfuil GSOC bunaithe go maith agus ag feidhmiú mar a bhíothas ag dréim leis san Acht.

## CAIBIDIL 1

Is é cuspóir (a) Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) mar a leagtar amach in alt 67(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005 (an tAcht),

"a chinntiú go bhfeidhmítear a chuid feidhmeanna ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach agus le cothromaíocht iomlán do gach duine atá bainteach leis na gearáin agus na himscrúduithe faoi Chuid 4 a bhaineann le hiompar comhaltaí den Gharda Síochána.." (aistriúchán neamhoifigiúil)

"to ensure that its functions are performed in an efficient and effective manner and with full fairness to all persons involved in complaints and investigations under Part 4 concerning the conduct of members of the Garda Síochána.."

### 1.1 Gearáin a ghlacadh

Sannann Alt 67(2)(a) an fheidhm don GSOC

"gearáin a ghlacadh a rinne daoine den phobal maidir le hiompar comhaltaí den Gharda Síochána,"

Tábla 1: Líon agus stádas inghlacthachta na ngearán a ghlacadh idir 9/5/2007 agus 31/12/2007

Thug GSOC 470 cás chun críche 2007.

| Stádas | Gearáin |
|---|---|
| Inghlactha | 952 |
| Ar Feitheamh | 576 |

Neamh-inghlactha
556

Neamhbhainteach
0

Iomlán
2084

Tábla 2: Gearáin a ghlacadh agus a tugadh chun críche idir 9/5/2007 agus 31/12/2007

1

Caibidil a haon

Gearáin agus Imscrúduithe

Ghlac an rannóg cásoibre le gach gearán ó dhaoine den phobal i 2007. Bhi 18 cás-oifigeach ann ag deireadh 2007. Feidhmíonn GSOC áis siúl-isteach do dhaoine den phobal le teacht isteach san oifig agus gearán a dhéanamh. Bíonn an oifig seo ar oscailt idir 9.30 agus 16.30 gach lá den tseachtain, am lóin san áireamh.

Glacann sé le gearáin freisin tríd an bpost, ar an bhfón, ar an bhfaics, ar fhoirm ghearáin ar líne, nó ar ríomhphost. Caitheann cás-oifigigh cuid mhór ama ag freagairt ceisteanna, e.g. daoine den phobal ag iarraidh a dhéanamh amach céard a d'fhéadfadh tárlú dá ndéanfaidis gearán, arbh é GSOC an áit cheart lena ngearán ar leith siúd a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt líomhaintí i ngearán. D'fhéadfadh na líomhaintí sin a thabhairt le tuiscint go raibh sárú smachta i gceist, nó cionta coiriúla nó an dá rud. Faigheann cás-oifigigh amach nádúr an ghearáin agus déileálann dá réir.

Marta Alvarez

Is as Asturias í, i dtuaisceart na Spáinne. Is Cás-Oifigeach í i rannóg Cásoibre GSOC. Bíonn glacadh le gearáin i gceist; seiceáil comhad a fhaigheann an fhoireann; tuilleadh eolais á lorg nuair is gá; doiciméid aighneachta á ndréachtadh do na coimisinéirí; agus aiseolas á chur ar fáil do ghearánaithe nó do na gardaí faoina gcás siúd.

Susan Butterly, Cás-Oifigeach i láthair fáiltithe GSOC.

1.2 Freagairt do ghearáin

Sannann Alt 67(2)(b) an dualgas don GSOC

“na dualgais a chomhlíonadh agus na cumhachtaí a shanntar dó faoi Chuid 4 maidir leis na gearáin sin, a fheidhmiú,”

Nuair a ghlactar le gearán, tugann cás-oifigigh gealltanas tuairisc suas chun dáta a sholáthar go rialta ar dhul chun cinn an phróisis chun deighleáil leis an ngearán.

Is í an chéad chéim ná cinneadh a dhéanamh faoi inghlacthacht gearáin. Tá critéir áirithe leagtha síos san Acht. Ní chinntítear neamh-inghlacthacht aon ghearáin gan faomhadh na gCoimisinéirí.

Is cás-oifigigh a dhéileáil le cásanna a measadh iad a bheith oiriúnach do réiteach neamhfhoirmiúil. Maidir leis na cásanna eile, cuireadh iad siúd a raibh líomhain coireanna iontu ar aghaidh go dtí an rannóg imscrúdaithe. I gcás gur measadh go raibh an cás oiriúnach le haghaidh imscrúdaithe ón nGarda Síochána, is cás-oifigigh a dhéileáladh de ghnáth leis an gcaidreamh iomchuí idir na gníomhaireachtaí i bhformhór na gcásanna.

Léiríonn gach tábla na sonraí ag éirí as an riar cásanna ar glacadh leo suas go 31/12/2007.

Tabhair ar Aird: Déantar eolas pearsanta a sholáthar ar bhonn deonach

Cás-Oifigeach, Paul Bourke, ag tógáil glao in ionad glaonna GSOC.

Tábla 3: Stádas na ngearán inghlactha ar 31/12/2007

| Stádas | Gearáin |
|---|---|
| S90 IR agus Idirghabháil | 228 |
| Alt 94 Le Maoirseacht | 28 |
| Alt 94 Gan mhaoirseacht | 312 |
| Alt 91 | - |
| Alt 98 | 384 |
| Iomlán | 952 |

Mapa 1

Mapa 2

An Cás-Oifigeach, Louise Miller, i gceann de sheomraí agallaimh GSOC.

Tábla 4: Inscne an Ghearánaí

Inscne an Ghearánaí
Bhí sonraí ar fail do 2037 cás .

Is iad na fir a chuimsigh an príomhghrúpa gearánaithe do GSOC ó thaobh inscne (1492 in aghaidh 545). Os rud é go bhfuil líon mórán mar a chéile den dá inscne i ngach aoisghrúpa i measc daonra na hÉireann, ní léir láithreach cén fáth go mbeadh ionadaíocht chomh mór sin ag fir. Ach is léargas é an figiúr ar thorthaí taighde atá ann a thugann le fios go mbíonn níos mó caidrimh ag fir leis na póilíní ná mar a bhíonn ag mná.

Tábla 5: Aois an Ghearánaí

Aois an Ghearánaí
Bhí sonraí ar fáil do 1015 cás.

Léiríonn an graf gurb é 18-30 an catagóir aoise ba choiteanta ag gearánaithe. Is léiriú é seo ar an aoisghrúpa ba choitianta sa Daonáireamh is déanaí.

Table 6: Náisiúnacht an Ghearánaí

Náisiúnacht an Ghearánaí
Bhí sonraí ar fáil do 813 cás.

Cé gur náisiúnaigh Éireannacha iad beagnach 17 as gach 20 gearánaí, tá ionadaíocht na náisiúnach neamh-Éireannach i measc riar cásanna GSOC (17%) níos airde ná meastachán an Daonáirimh ar a n-ionadaíocht i líon an lucht cónaithe ag aon am ar leith (10%).

Tábla 7: An Cineál Líomhna

An Cineál Líomhna

Bhí níos mó ná líomhain amháin ina lán cásanna. Mí-úsáid údaráis an catagóir aonair ba mhó a bhí ann. Sa chatagóir seo mí-iompair líomhnaithe, áirítear saincheisteanna sách beag agus líomhaintí ionsaí.

Tábla 8: Inscne an Gharda

Inscne an Gharda
Bhí sonraí ar fáil do 1205 cás.

Bhain 84% de na gearáin a rinneadh le GSOC le gardaí fireann. Ar 31/12/07, ba ghardaí fireann iad 80% den Gharda Síochána.

Léiríonn taighde nach mbaineann gach gearán le gardaí áitiúla. Tá sé le tabhairt faoi deara gurb iad rannóga sin na ngardaí inar mó na gearáin na cinn sin a raibh an fás ba mhó ar an daonra iontu le blianta beaga anuas. Tá impleachtaí i gceist anseo do sheachadadh reatha póileanachta pobail agus dá seachadadh sa todhchaí.

Alt 94 imscrúduithe le maoirseacht agus gan mhaoirseacht

Tharchuir GSOC 340 cás le haghaidh imscrúdaithe ag an nGarda Síochána faoi alt 94 i 2007. Is féidir leis an nGarda Síochána líomhaintí a d'fhéadfadh a bheith ina sárú ar Rialacháin (Smachtaithe) An Gharda Síochána 2007, má chruthaítear iad, a imscrúdú faoi alt 94 and féadfaidh GSOC a shocrú ar chóir an t-imscrúdú a chur ar siúl faoi mhaoirseacht GSOC nó gan mhaoirseacht.

Alt 98

Faoi 31/12/2007, bhí breis agus 600 imscrúdú faoi líomhaintí maidir le cionta coiriúla ar siúl ag 28 imscrúdaitheoir GSOC. (Tá 241 tarchur faoi alt 102 san áireamh sa bhfigiúr sin)

Cuireann an tAcht seo d'oibleagáid ar GSOC imscrúdú a dhéanamh faoi líomhaintí mí-iompair ar chion a bheadh ann dá gcruthofaí é. Is féidir idir líomhaintí faoi ionsaí an-tromchúiseach go mionchoireanna ar nós cionta achomair faoi Achtanna um Thrácht ar Bhóithre a bheith i gceist. Is é an toradh go gcaithfear meicníochtaí imscrúdaithe choiriúil a éilíonn cuid mhór acmhainní a chur i bhfeidhm fiú nuair a d'fhéadfadh nach mbeadh an cion atá i gceist tromchúiseach. D'fhéadfadh go mbeadh achainí ar fhinnéithe, scrúdú ar an láthair, tógáil ráiteas, daingniú agus stóráil foilseán san áireamh in imscrúduithe coiriúla. Tá sé amhrasach cibé acu is leithdháileadh úsáideach acmhainní ganna é seo nó nach ea, agus cibé acu is freagra comhréireach atá á sholáthar ar na líomhaintí a rinneadh, nó nach ea.

1.3 Treoirlínte do réiteach neamhfhoirmiúil

Sannann Alt 67(2)(c) an fheidhm do GSOC

"treoirlínte a eisiúint do réiteach neamhfhoirmiúil faoi alt 90 catagóirí áirithe gearán agus chun rialacha nós imeachta d'imscrúduithe faoi alt 95 a cheapadh,"

Roimh thús a chur le dualgas oibríochtúil, agus tar éis comhairliúchán leathan le daoine leasmhara, d'eisigh GSOC treoirlínte maidir le réiteach neamhfhoirmiúil. Tá na treoirlínte foilsithe i bhfoirm leabhráin agus tá siad le fáil ó GSOC saor in aisce.

1.4 Rialacha nós imeachta d'imscrúduithe faoi alt 95

Tá an Coimisiún ag breithniú rialacha nós imeachta d'imscrúduithe faoi alt 95.

1.5 Tuairisciú ar thoradh imscrúduithe

Tugann alt 67(2)(d) feidhm do GSOC

"tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí a chuid imscrúduithe faoi Chuid 4 do Choimisinéir an Gharda Síochána, agus i gcásanna iomchuí, don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, agus, má thuairiscíonn sé don Stiúrthóir, cóip de gach comhad imscrúdaithe a chur chuige nó chuici,"

I 2007, chuir GSOC cúig chomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le go ndéanfadh sé iad a bhreithniú. Chinn an Stiúrthóir nach mbeadh aon ionchúiseamh ann i ndáil leis na cúig chomhad seo.

## 1.6 Imscrúduithe faoi alt 102

Sannann alt 67(2)(e) feidhm do GSOC

"imscrúduithe eile faoi nithe a bhaineann le hiompar comhaltaí an Gharda Síochána a dhéanamh, de réir alt 102,"

Nick Harden

D'oibrigh sé roimhe seo mar bhleachtaire le Póilíní Dheisceart na hAstráile, é ag díriú go speisialta ar imscrúdú faoi choireanna drugaí agus coirpeacht eagraithe agus oibríochtaí rúnda. Is Oifigeach Imscrúdaithe Sinsearach é i GSOC, é freagrach as bainistiú foireann imscrúdaitheoirí. Déanann sé imscrúdú go pearsanta i gcásanna casta. Cuireann sé féin agus Oifigigh Imscrúdaithe Sinsearacha eile freagairt 24 uair a chloig ar glao-dhualgas ar fáil do theagmhais chriticiúla.

Alt 102(1) Tarachuir ó Choimisinéir an Gharda Síochána

Eascraíonn tarchur faoi alt 102(1) nuair a mheasann Coimisinéir an Gharda Síochána go "bhféadfadh bás nó díobháil thromchúiseach duine a bheith tar éis tarlú de thoradh iompar chomhalta den Gharda Síochána." I gcásanna dá leithéid bíonn dualgas ar GSOC imscrúdú a dhéanamh.

I 2007, bhí 247 tarchur dá leithéid ann, agus bhí imscrúdú á dhéanamh ar 241 díobh ar 31/12/2007. Bhí an líon tarchurtha ard sna míonna tosaigh. Tháinig laghdú ar líon na dtarchur i rith na bliana cé gurb é mian GSOC go ndéanfaí gach ábhar a bhfuil an chuma air gur gá rannpháirtíocht GSOC ann a tharchur.

Teastaíonn freagairt chuí agus ghasta ó GSOC ar tharchur ábhair faoi alt 102(1). Tá oifigigh ar glao chun freastal ar an riachtanas seo ar bhonn 24/7. I gcásanna tromchúiseacha, a raibh bás daoine i gceist i gcuid acu, freastlaíonn oifigigh de chuid GSOC ar an láthair agus glacann ceannas ar chibé gnéithe den teagmhas atá faoi dhlínse GSOC ó cheart. Tá bainistiú ar an láthair criticiúil agus ciallaíonn sé seo go bhfuil comhoibriú idir oifigeach imscrúdaithe sinsearach GSOC agus an Garda sinsearach, ríthábhachtach d'oibríochtaí rathúla. D'fhéadfadh go mbeadh coimeád láithreach, bailiú fianaise, agallaimh a chur ar fhinnéithe agus idirchaidreamh teaghlaigh i gceist sa bhainistiú. D'fhéadfadh go mbeadh gá freisin le rannpháirtíocht na ngardaí i ndúnadh bóthair, fóiréinsic, etc.

Bhí an comhoibriú go maith ó thaobh dearcadh GSOC de.

I 2007, bhain sé cinn de tharchuir alt 102(1) le bás seisir a bhí faoi choimeád ag na ngardaí nó i ndiaidh dóibh baint a bheith acu leis na gardaí, agus sé bhás ag éirí as teagmhais trácht ar bhóithre. Tharla ceann de na básanna seo lasmuigh den dlínse – i dTuaisceart Éireann – ach rinne Coimisinéir na nGardaí gnéithe áirithe a bhain le

trácht ar bhóthair a bhí gaolmhar b'fhéidir, a tharchur toisc gur tharla siad i bPoblacht na hÉireann.

Mapa 3

Minicíocht tarchur alt 102 in aghaidh na Roinne den Gharda Síochána

Mapa 4

Minicíocht tarchur alt 102 in aghaidh na Roinne den Gharda Síochána (DMR)

Minicíocht Tarchur alt 102 in aghaidh na Roinne den Gharda Síochána (DMR)

Tábla 9: Aois an pháirtí díobhálaithe Neamhgharda

Aois an pháirtí díobhálaithe Neamhgharda
Bhí sonraí ar fáil do 111 tarchur.
Ba é an aoisghrúpa ba choiteanta ná grúpa do dhaoine idir 18-30. Grúpa mionaoiseach ba choiteanta ina dhiaidh sin.

Tábla 10: Lá tarchuir na seachtaine

Lá tarchuir na seachtaine
Bhí sonraí ar fáil do gach ceann den 247 tarchur.
Tharla beagán thar 50% de gach tarchur ar laethanta dheireadh na seachtaine. Theastódh tuilleadh anailíse le fáil amach arbh fachtóirí coiteann iad amach san oíche agus alcól sna himeachtaí seo.

Imscrúdaitheoirí GSOC ag freastal ar láthair tarchuir alt 102(1).

Alt 102(4) Imscrúduithe leasa poiblí
Cumasaíonn alt 102(4) GSOC chun
"aon ní a imscrúdú a bhfuil an chuma air go léiríonn sé go bhféadfadh comhalta den Gharda Síochána bheith tar éis

(a) cion a dhéanamh, nó
(b) iad féin a iompar ar bhealach a thabharfadh údar maith le himeachtaí smachtaithe"

Ar an 27 Iúil 2007, d'fhógair GSOC go raibh cinneadh déanta aige imscrúdú a chur ar bun faoi na cúinsí a bhain le bás Terence Wheelock Uasal ar an 16 Meán Fómhair 2005.

Ar an 2ú Meitheamh 2005, gabhadh Terence Wheelock maidir le cionta faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre agus tugadh é chuig Stáisiún na nGardaí i Sráid Stórais. Ag 14.40 ar an 2ú Meitheamh thángthas ar Terence Wheelock gan aithne gan urlabhra ina chillín agus ceangal thart ar a mhuineál. Tugadh chuig ospidéal faoi dheifir é ach níor tháinig sé chuige féin agus d'fhan i dtámhnéal go bhfuair sé bás in Ospidéal an Mhater ar an 16 Meán Fómhair 2005.

Bhí GSOC den tuairim go raibh gá le himscrúdú féachaint an bhféadfadh gur faillí comhalta ar bith den Gharda Síochána a cheadaigh an corda/ceangal a bheith sa chillín nó aon ghníomh nó neamhghníomh a rinne comhalta(í) maidir le gabháil agus coinneáil Terence Wheelock ba chionchúis b'fhéidir le bás Terence Wheelock.

Tá leas á bhaint ag an imscrúdú as cumhachtaí a bronnadh air faoi alt 98. Tá cuid fhairsing doiciméadaithe bailithe agus tá imscrúdaitheoirí GSOC i mbun próisis chun agallamh a chur ar fhinnéithe a d'fhéadfadh a bheith i ndán cuidiú leis an imscrúdú. Tá oifigeach idirchaidrimh ceaptha ag an nGarda Síochána chun cuidiú le haon iarratas a bheidh ag foireann imscrúdaithe GSOC.

Tá an t-imscrúdú ag dul ar aghaidh go leanúnach.

## 1.7 Scrúdú ar chleachtais, bheartais agus nósanna imeachta an Gharda Síochána – alt 106

Sannann alt 67(2)(f) an fheidhm do GSOC

"scrúdú a dhéanamh ar chleachtais, bheartais agus nósanna imeachta an Gharda Síochána de réir alt 106,"

In Iúil 2007, scríobh GSOC chuig an Aire maidir le scrúdú a d'fhéadfadh a bheith ann faoi alt 106 ar bhainistiú teagmhais slua-agóide nó easumhlaíochta sibhialta ag daoine nó grúpaí. Mheas an tAire, tar éis comhráití le GSOC, nach raibh sé oiriúnach dó ag an am sin a leithéid de scrúdú a lorg.

Scríobh GSOC chuig an Aire faoi scrúdú a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le gnéithe áirithe den chóras próiseála cúiseamh socraithe. I mí na Nollag, d'iarr an tAire, tar éis comhráití le GSOC, go ndéanfaí scrúdú dá leithéid agus go dtabharfaí tuarascáil dó mar aon le haon moltaí. Tá an scrúdú sin ag dul ar aghaidh i gcónaí.

Dennis Murphy

Ba chomhalta de Phóilíní na Nua-Shéalainne é ar feadh 28 bliain, agus 18 bliain caite mar imscrúdaitheoir leis an mBrainse um Imscrúdú Coiriúil. Bhí líon rólanna ceannaireachta agus bainistíochta aige laistigh den Bhrainse um Imscrúdú Coiriúil agus in eagraíocht níos leithne na bPóilíní, lena n-áirítear ceannas agus smacht ar theagmhais chriticiúla. Is Oifigeach Imscrúdaithe Sinsearach é agus foireann imscrúdaitheoirí á treorú agus á bainistiú aige.

Bainistíocht GSOC leis an bhfoireann Imscrúdaithe ar lá a seolta, 8 Bealtaine, 2007.

## 1.8 Prótacail

Sannann alt 67(2)(g) feidhm do GSOC:

"prótacail Choimisinéir na nGardaí a dhréachtadh de réir alt 108,"

Éilíonn alt 108 d'Acht an Gharda Síochána 2005 go ndéanfadh GSOC agus Coimisinéir an Garda Síochána "socruithe…i bprótacail scríofa" le haghaidh:

(a) Úsáid saoráidí coinneála i Stáisiúin na nGardaí ag Oifigigh Ainmnithe GSOC
(b) Feidhmiú an Achta um Cheartas Coiriúil 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine faoi Choimeád i Stáisiúin an Gharda Síochána, Rialacháin 1987)
(c) Láimhseál aon imscrúduithe ag GSOC ar chomhthráth le himscrúduithe an Gharda Síochána faoi na hábhair chéanna
(d) Roinnt eolais lena chéile lena n-áirítear fianaise faoi chionta a fuair GCOC nó Coimisinéir an Gharda Síochána.

Aontaíodh agus síníodh na Prótacail ar 08/05/2007.

Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar na Prótacail agus síníodh an leagan nua ar 01/08/2007. Tá an leagan seo ann i gcónaí, faoi réir ag athbhreithniú amach anseo. Tá na prótacail agus an Meamram Tuiseana gaolmhar ar fáil ar láithreán gréasáin GSOC www.gardaombudsman.ie. Féach Aguisín I. Caitheadh mórchuid ama ag dul trí fheidhmiú praiticiúil na bPrótacal aontaithe le comhaltaí den Gharda Síochána. Fuair imscrúdaitheoirí GSOC amach, nuair a thuig daoine rólanna a chéile, go raibh comhoibriú idir an dá eagraíocht go maith agus bhí sé ag dul i bhfeabhas i gcónaí le linn 2007.

# CAIBIDIL 2

## 2. Muinín an phobail a spreagadh

Is é cuspóir b GSOC mar atá leagtha amach in alt 76(1) den Acht:

"muinín an phobail sa phróiseas chun na gearáin sin a réiteach, a spreagadh."

### 2.1 Dearcadh an phobail agus dearcadh na ngardaí

I Márta agus in Aibreán rinne GSOC suirbhé ar dhearcadh an phobail agus ar dhearcadh na ngardaí i leith na heagraíochta. Rinneadh é seo le tagarmharcáil a dhéanamh ar a fheidhmíocht agus muinín á chruthú sa chóras nua maoirseachta neamhspleách ar ghníomhaíocht phóilíneachta. Léiríonn an tábla ardleibhéal chreidiúint an phobail i neamhspleáchas, in éifeacht GSOC agus sa ghá atá leis. Tá na figiúirí do dhearcadh an Gharda Síochána níos ísle. Áirítear freagraí dearfacha agus 'níl fhios agam' i bhfigiúirí an tábla.

Tábla 11: Suirbhéanna ar dhearcadh an phobail agus dearcadh an Gharda Síochána á gcur i gcomparáid lena chéile

### 2.2 Grúpa comhairleach

I 2006 bunaíodh grúpa comhairleach le saincheisteanna a mbeadh suim i gcoitinne ag GSOC agus ag an nGarda Síochána iontu a iniúchadh agus chun treoir a lorg ó roinnt sainchomhlachtaí leasmhara. Tagann ballraíocht an ghrúpa ó na heagraíochtaí seo a leanas:

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána
An Garda Síochána
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Cumann Sáirsintí agus Cigirí den Gharda Síochána
Cumann Ionadaíoch an Gharda Síochána
Cigireacht an Gharda Síochána
Bord Gearán an Gharda Síochána
Coimisiún Cearta Daonna na hÉireann
Cumann na nArd-cheannfort
Cumann Ard-cheannfort an Gharda Síochána
Coláiste na hOllscoile Gaillimh

Bhuail an grúpa le chéile faoi dhó i 2007.
Cruinniú an 13 Feabhra.

Thug an cruinniú seo deis do na Coimisinéirí an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach a chur in aithne do gheallsealbhóiri GSOC ar an ngrúpa comhairleach.

Thug an fhoireann Idirlinne, foireann státseirbhísigh a cuireadh le chéile chun GSOC a thosú, cur síos don chruinniú ar dhul chun cinn ar roinnt saincheisteanna. Thug an fhoireann tuairisc suas chun dáta maidir le

- líon na gceapachán nua
- an oiliúint a chuirfí ar fáil do dhaoine den fhoireann
- na hullmhúcháin chun córas IT a fheidhmiú.

Cruinniú ar 21 Samhain.

Chuir GSOC tuairisc suas chun dáta ar fhorbairtí ón gcruinniú deiridh ar fáil.

- Aontaíodh agus síníodh na Prótacail ar 08/05/2007
- Rinneadh athbhreithniú ar na Prótacail agus síníodh iad ar 01/08/2007
- D'oscail GSOC don phobal ar 09/05/2007
- Cuireadh achoimre ar shaincheisteanna foirne GSOC i láthair
- Cuireadh achoimre ar na leasaithe ar Acht an Gharda Síochána 2005 i láthair
- Cuireadh achoimre ar Shuirbhéanna GSOC ar Dhearcadh i láthair

### 2.3 Caidreamh leis na Meáin

D'eascair príomhchaidreamh GSOC leis an bpreas, agus le meáin an raidio agus na teilifíse as tuairisciú ar theagmhais chriticiúla. Is iad na teagmhais a raibh básanna i gceist iontu is mó a tharraing aird na meán.

Chuir preasoifig GSOC seirbhís 24/7 ar fáil do na meáin ar gach teagmhas iomráiteach. Bhí faisnéis don phreas, don raidio agus don teilifís san áireamh anseo, seisiúin chlosamhairc á gcur ar fáil don dá cheann deiridh. Ar thrí ocáid chuir GSOC fógra amach ag lorg finnéithe.

### 2.4 Láithrean Gréasáin

Rinne GSOC uasghrádú mór ar a láithreán gréasáin www.gardaombudsman.ie . Críochnaíodh é seo in Aibreán le go mbeadh sé ar fáil don phobal nuair a cuireadh

tús feidhme le GSOC. Rinneadh leasú go rialta air chun freagairt d'aiseolas ó úsáideoirí. Chomh maith le leathanaigh ar reachtaíocht iomchuí, FAQanna (ceisteanna a chuirtear go minic), foilseacháin agus faisnéis faoi mhisean GSOC, cuireadh cuid leis a bhí tiomanta d'fhaisnéis a chur ar fáil do chomhaltaí den Gharda Síochána. Tá sé d'aidhm ag an gcuid seo ceisteanna a bheidh ag comhalta ar bith faoi GSOC a fhreagairt.

Ar leathanach na bhfoilseachán, gheall GSOC go bhfoilseoidís staitisticí gach mí ar líon a gcás agus ar an mbainistiú a rinne GSOC air. Cuireadh tús leis an gcleachtas sin i Meitheamh agus tá sé ar siúl i gcónaí.

Le cur leis na céimeanna éagsúla a bhí tógtha ag GSOC le go mbeadh sé inrochtana do na daoine a ndéanann sé freastal orthu, cuireadh áis gearán a dhéanamh ar líne leis.

Foireann Taighde & Cumarsáide GSOC ar an lá seolta, 8 Bealtaine, 2007.

Aireachtálacha GSOC
2007

Suirbhé an Gharda Síochána
Suirbhé an Phobail

Dearcadh

Brian Fennell,

as Luimneach. D'fhág sé na Coimisinéirí Ioncaim le dul isteach i GSOC. Is ball den Fhoireann Taighde & Cumarsáide é áit a ndéileálann sé le hiarratais ón bpreas. Cruthaíonn sé agus coimeádann sé comhaid ar chlúdach imscrúduithe GSOC sna meáin agus déanann sé bainistiú ar láithreán gréasáin GSOC. Déanann sé bainistiú ar shíntiúis na foirne d'irisí, nuachtáin, tréimhseacháin agus seirbhísí ar líne agus tugann sé aire freisin d'acmhainní IT na foirne. Feidhmíonn Brian mar ghrianghrafadóir d'imeachtaí CSOC freisin.

2.5 Leabhráin

Chuir GSOC pacáiste eolais ar fáil d'úsáid an phobail agus an Gharda Síochána araon.

Is treoir shimplí, mhaisithe é "What you need to know" ar obair GSOC lena n-áirítear cén chaoi, cén áit agus céard iad na cúinsí in ar féidir le duine den phobal gearán a dhéanamh le GSOC. Cuireadh cóipeanna ar fáil i lárionaid chomhairle saoránach agus i leabharlanna agus cuireadh cóip sa phost chuig gach comhalta den Oireachtas.

Is acmhainn é "Ceisteanna agus Freagraí do Ghardaí – leabhrán eolais do chomhaltaí den Gharda Síochána" dírithe ar chomhaltaí den Gharda Síochána agus

é d’aidhm aige freagra a thabhairt ar cheisteanna a chuirfeadh garda b’fhéidir, lena n-áirítear teorainneacha ama, a bheith faoi agallamh ag oifigigh GSOC, cearta comhalta den Gharda Síochána maidir le GSOC etc. Cuireann sé treoir do choda trí agus a ceathair den Acht ar fáil freisin.

Cuireadh cóip den leabhrán seo sa phost chuig gach comhalta go luath i mBealtaine ar chomhthráth le tús feidhme GSOC. Cuireann GSOC coíp ar fáil do mhic léinn agus do phromhóirí gardaí sa Teampall Mór le linn na léachtanna a thugann GSOC ag Coláiste an Gharda Síochána.

Tá “Treoir don Réiteach Neamhfhoirmiúil” ar fáil do Ghardaí agus don phobal araon. Déanann sé cur síos ar cén chaoi ar chóir do réiteach neamhfhoirmiúil feidhmiú agus céard iad na sochair a d’fhéadfadh a bheith ann dóibh siúd a bhíonn ag gabháil dó. Cuirtear cóip den leabhrán seo freisin ar fáil do mhic léinn agus do phromhóirí an Gharda Síochána sa Teampall Mór le linn na léachtanna a thugann GSOC ag Coláiste an Gharda Síochána.

Pacáiste eolais GSOC

Osclaíonn an tIar-Thánaiste agus Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Michael McDowell, GSOC go hoifigiúil ar 8 Bealtaine, 2007.

2.7 Clár for-rochtana don phobal

Ceapadh clár for-rochtana chun muinín an phobail a spreagadh sa phróiseas chun gearáin faoi chomhaltaí den Gharda Síochána a réiteach. Bhí sé d’aidhm aige eolas faoin eagraíocht a scaipeadh ar pháirtithe leasmhara éagsúla.

Sular cuireadh tús leis an ndualgas oibríochtúil ar 9 Bealtaine, chuaigh an fhoireann Taighde i dteagmháil le breis agus 200 eagraíocht ar fud na tire ag tairscint iad a chur ar an eolas faoi GSOC.

Ghlac an clár an téama “na pobail nua” i mbliain a haon. Is iad na daoine sna pobail seo a thug freagra dearfach ar na teagmhálacha tosaigh agus socraíodh dá bharr seo díriú orthu mar ghrúpa. Níor chuir sé sin cosc ar aon ghrúpa cuireadh a thabhairt do GSOC agus cur i láthair a fháil e.g. Fóram Pobail Mhuineachán. Ar na grúpai a ndearna GSOC cur i láthair dóibh áirítear:

- Comhairle Inimirceach na hÉireann
- Focus Ireland
- Lárionad Cearta Imirceach
- Emigrant Advice (Baile Átha Cliath)
- SPIRASI
- Togra Óige Crinán (Baile Átha Cliath)
- Saorchomhairle Dhlíthiúil (Sráid Dorset, Baile Átha Cliath)

- Eolas agus Tacaíocht do Phobail Nua (Port Láirge)
- Fóram Pobail Mhuineachán
- KNIT
- Tascfhórsa Drugaí Réigiún an Iarthair
- Ionad Dlí Pobail Bhaile Muna
- An tSeirbhís Phromhaidh, Institiúid Naomh Pádraig
- Forbairt Phobail na hIarmhí

B'fhorbairt an-úsáideach ar leith é gur iarr roinnt de na soláthróirí seirbhísí i réigiún na bpobal nua go labharfaí lena bhfoireann bainistíochta agus oiliúna sa chaoi go bhféadfaidís siud an t-eolas a chur ar aghaidh nuair ba chuí.

Ag cuid de na himeachtaí bhí an Garda Síochána féin i láthair iarbhír. Bhí an caidreamh idir an da eagraíocht ar ócáidí dá leithéid an-mhaith. Tuigeann na Gardaí idirchaidreamh pobail go soiléir céard atá ar siúl ag GSOC agus bhí siad tacúil fáilteach i gcónaí.

Graham Doyle

Is duine d'fhoireann Taighde agus Cumarsáide GSOC é. D'oibrigh sé sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí roimhe seo. Tá caidreamh leis na meáin san áireamh ina phost – eisiúint preasráiteas agus achainí ar fhinnéithe i dteagmhais chriticiúla. Déanann Graham cuir i láthair do ghrúpaí mar chuid de chlár for-rochtana GSOC don phobal. Is cuid de Choiste Comhpháirtíochta GSOC agus Grúpa Stiúrtha PMDS é. Déanann sé eagarthóireacht freisin ar nuachtlitir intí na heagraíochta – 'Oversight'.

2.8 Léachtanna ag Coláiste an Gharda Síochána, An Teampall

Creideann GSOC go láidir in a theachtaireacht neamhspleáchais agus neamhchlaontachta a chur in iúl do chomhaltaí den Gharda Síochána. Ar chuireadh ón Ard-cheannfort Kieran McGann, ón gCeannfort Sarah Meyler agus ón gCigire Frank Flood, chuir sé léachtanna ar fáil do ranganna a bhí i mbun céime i gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór i rith 2007. Is léachtanna dhá uair a chloig an ceann a bhíonn iontu seo de ghnáth a thugtar do mhicléinn ag Céim a Trí nó promhóiri ag Céim a Cúig dá n-oiliúint. Is í an aidhm bualadh le micléinn ag Céim a Trí, i.e. sula gcaitheann siad am ag déileáil leis an bpobal. Ach bhí roinnt mac léinn tar éis an chéim sin a dhéanamh faoi 9 Bealtaine nuair a chuaig GSOC i mbun feidhme, agus mar gheall air seo tugadh léachtanna do phromhóirí Chéim a Cúig i 2007.

Léacht GSOC i gColáiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór.

2.9 Cláir fhorbartha ar mhaoirseacht bainistithe an Gharda Síochána

Chuidigh GSOC le cláir fhorbartha ar mhaoirseacht bhainistithe an Gharda Síochána do chigirí agus do sháirsintí ar tugadh ardú céime dóibh le déanaí, a reáchtáiltear ar an Aonach, Co. Thiobraid Árann. Bhí rannpháirtíocht GSOC ann ar cuireadh ón gCeannfort Gordon Ryan, an Cigire Tony Healy agus na Sáirsintí

Philip Ryan, Karen O’Reilly, Leonard Conaty agus Ailís Myles. Mhair na seaimineáir seo leath lá an ceann agus bhí idir cur i láthair agus díospóireacht i gceist.

### 2.10 Cuairteanna ar GSOC

Thug GSOC cuireadh d’aoichuairteoirí labhairt leis an bhfoireann iomlán ar laethanta oiliúna tiomanta. Cuireadh tús leis an gcleachtas seo i Nollaig 2007. Ba í Príomh-cheannfort Chigireacht an Gharda Síochana, Kathleen O’Toole, an chéad aoichainteoir agus gabhann GSOC buíochás léi.

Thug Aengus Ó Snodaigh, T.D., Charlie Flanagan, T.D., Pat Rabbitte, T.D., agus toscaireacht ó fhoireann ambasáid Ríocht Leosóta cuairteanna ar GSOC.

Thug Thomas Hammarberg, Coimisinéir um Chearta Daonna Chomhairle na hEorpa, a thug cuairt sa bhfómhar, “gníomhaireacht dáiríre agus samhail do thíortha eile” ar GSOC. Dúirt sé go raibh “cuid de thíortha Lochlannacha ag breathnú go dlúth ar an samhail. Tá’s again freisin go bhfuil na húdaráis sa Pholainn ag breathnú air agus é ar intinn rud éigin cosúil leis a chur ar bun ansin”.

Kathleen O’Toole ag labhairt le foireann GSOC

Thomas Hammarberg, an 3ú duine ón taobh clé, ar chuairt ar GSOC.

# CAIBIDIL 3

## 3. Cumhachtaí GSOC

### 3.1 Athruithe reachtúla i 2007

Nuair a chuaigh GSOC i mbun feidhme ba léir go gcuirfeadh roinnt leasaithe, dá gcuirfí i bhfeidhm iad, go mór lena éifeacht agus, in áiteanna áirithe go gcuirfeadh siad deireadh le débhríochtaí a d’fhéadfadh a bheith trioblóideach.

Ghlac an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (DJELR) láithreach le hiarratais GSOC ar leasaithe áirithe agus ritheadh iad seo le bheith ina ndlí ar 9 Bealtaine 2007 laistigh den Acht um Cheartas Coiriúil (2007).

Tá leasaithe Bhealtaine 2007 agus na cúiseanna a tugadh ina bhfábhar leagtha amach thíos.

### 3.2 Leasaithe Suntasacha ar an Acht go dáta.

- _Alt 98: deireadh leis an srianadh ar chumhachtaí agus ar fhreagrachtaí GSOC i leith an chomhalta den Gharda Síochána atá faoi imscrúdú. Chuir an fhoclaíocht bhunaidh srian ar chumas GSOC a chumhachtaí “ar aon dul leis na gardaí” a fheidhmiú rud a d’fhág nach raibh éifeacht leo ach amháin i gcás an chomhalta den Gharda Síochána a bhí faoi imscrúdú. D’fhág baint na srianta sin go raibh cead ag GSOC imscrúduithe níos éifeachtúla a dhéanamh trí leathnú na gcumhachtaí sin chun comhaltaí den Gharda Síochána agus daoine den phobal araon a chlúdach.

- _Alt 39: Leathnaíodh dualgas gharda cuntas a thabhairt go dualgas cuntas a thabhairt d’oifigeach ainmnithe de chuid GSOC. Chuir an dualgas seo le cumas GSOC gníomhartha nó faillí Gardaí ar diúite a imscrúdú.

- _Alt 94: deireadh leis an riachtanas go dtiocfadh GSOC ar an tuairim gur sáraíodh na Rialacháin Smachtaithe. Fágann an leasú nach gá do GSOC ach teacht ar an tuairim go bhféadfadh go raibh sáru i gceist chun tuairisc chuí a thabhairt ar an ábhar seo. Os rud é go bhféadfaí go ndéanfaí tuilleadh machnaimh ar an ábhar seo, measadh gur sárú ar an bpróiseas cuí a bhí anseo.

3

### 3.3 Tuilleadh leasuithe

Choinnigh GSOC caidreamh dlúth le DJELR ar ghnéithe áirithe eile den reachtaíocht. Ar 6 Meitheamh 2007 bhuail na Coimisinéirí agus comhaltaí dá bhfoireann fheidhmeach, leis an Aire mar aon le hoifigigh shinsearacha DJELR, agus leagadar amach tuilleadh mionathruithe ar an Acht a chuirfidh le héifeacht agus le héifeachtúlacht GSOC, dar leo. Tá na moltaí seo leagtha amach i dtuarascáil dhá bhliain GSOC a cuireadh faoi bhráid an Aire 20 Feabhra 2008.

Creideann GSOC gur chóir breithniú freisin ar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh eascairt as feidhmiú alt 94 den Acht. Faoin alt seo, nuair a chuireann GSOC ábhar chuig an Garda Síochána le go ndéanfadh an Garda Síochána imscrúdú air, tá an chuma air go bhfuil ionchar an-teoranta ag GSOC faoi chomhairle a chur nó a shocrú cén chaoi a bhfuil imscrúdú le déanamh ar an ábhar, lena n-áirítear an mar shárú ionchasach tromchúiseach smachta nó sárú níos lú tromchúiseachta a chaithfear leis. Eascraíonn sé seo as alt 22 de Rialacháin an Gharda Síochána (Smacht) 2007 a leagann amach má táthar le déileáil le hábhar mar shárú tromchúiseach smachta go gcaithfear go ndéanfar seo "....i dtuairim an Choimisinéara...".

Niamh McKeague

Is Dlíodóir/Comhairleoir Dlíthiúil í do GSOC agus is cuid de Rannóg Dlí intí í. Is é a ról comhairle dlí a sholáthar do GSOC agus do chomhaltaí den fhoireann – ar dhlí na hÉireann agus na hEorpa – chomh maith le comhairle a thabhairt ar dhul chun cinn imscrúduithe, ullmhú comhad don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus ag obair le speisialtóirí dlíthiúla seachtracha más cuí.

## CAIBIDIL 4

### 4. Bainistiú agus Rialú

Deir alt 67(2)(5)

"Déanfaidh cathaoirleach Choimisiún an Ombudsmann na hoifigigh, riarachán agus gnó an Choimisiúin a bhainistiú agus a rialú...."

Tá freagracht fhoriomlán do bhainistiú na rannóige imscrúdaithe ar Cheannaire na nImscrúduithe, Paul Buschini. Rinneadh bainistiú ar an bhfeidhm riaracháin lárnach trí ranna a dhéileálann le hacmhainí daonna, cúrsaí corparáideacha, IT agus airgeadas, faoi stiúir an Stiúrthóra Riaracháin, Anthony Duggan. Tá earcaíocht, oiliúint, soláthar agus feabhsú córais ar siúl i gcónaí.

## 4.1 Oifigigh

### 4.1.1 Earcaíocht

Ag deireadh 2007 bhí 75 duine ar fhoireann iomlán GSOC lena n-áirítear:

- Coimisinéirí: 3
- Riarachán – Seirbhísí Corparáideacha, IT, Acmhainí Daonna: 17
- Imscrúduithe: 28
- Cás-oifigigh: 18
- Seirbhísí Dlí: 5
- Taighde agus Cumarsáid: 4

Cuireadh le líon foirne lárnach GSOC trí cheathrar ceannfort ar iasacht ón nGarda Síochána.

Léirigh an figiúr deiridh athruithe breisíocha ó lá an oscailte nuair a bhí na leibhéil foirne ag 62%. Bhí líon suntasach de bhuanfhoireann GSOC (oifigigh imscrúduithe agus foireann riaracháin) ceaptha faoi dheireadh Feabhra 2007. Earcadh iad seo trí chomórtais iomaíocha, sannadh ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) agus sannadh faoin gClár Dílárnaithe. Rinneadh ceapacháin foirne do GSOC ina dhiaidh sin trí PAS.

### 4.1.2 Oiliúint

Rinne foireann chásoibre oiliúint in Ollscoil Portsmouth maidir le hagallaimh a chur agus déileáil le gearáin. Fuair gach duine eile den fhoireann oiliúint chuí chun ullmhú dá gcuid feidhmeanna i GSOC. Taobh amuigh de na modúil oiliúna foirmiúla tugadh cuireadh d'aoiléachtóirí teacht chuig GSOC le labhairt leis an bhfoireann, e.g. roinn an tIonad Éigeandála um Éigniú a shaineolas maidir le déileáil le himscrúduithe ar imscrúduithe de chineál gnéasach iad.

### 4.1.3 Oifigigh Imscrúduithe

Ba iad na tosaíochtaí d'imscrúduithe sna seachtainí réamhoscailte ná a chinntiú go mbeadh an fhoireann oilte agus ullmhaithe, réidh don dualgas oibríochtúil ó 9 Bealtaine. Tháinig comhaltaí na foirne ó mhórchuid cúlraí éagsúla, ina measc iarphóilíní agus iarphearsanra maoirseachta póilíní. Tá ionadaíocht ag roinnt náisiún ann, an Nua-Shéalainn, an Astráil, an Afraic Theas, Éire, an Ríocht Aontaithe. Tréith a bhí i gcoiteann ná eolas ar chleachtadh feidhmiú an dlí i dtimpeallacht an dlí coiteann.

### 4.1.4 Oiliúint Imscrúdaitheoirí

Le linn na tréimhse Feabhra – Aibreán 2007 rinne an fhoireann imscrúdaithe dianchúrsa oiliúna 6 seachtaine a chuir Ollscoil Portsmouth agus Cumann Onórach Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath ar fáil chun a gcumas imscrúduithe a dhéanamh nuair a chuir GSOC tús lena chuid feidhmeanna a chinntiú. Rinne an fhoireann a roghnaíodh le bheith ag obair mar oifigigh chaidreamh teaghlaigh oiliúint ar leith i gcaidreamh teaghlaigh. Fostaíodh saineolaithe ó Chonstáblacht Lancashire don oiliúint seo. Ghlac oifigigh páirt in oiliúint i ngrianghrafadóireacht ar an láthair. Ghlac GSOC páirt i gcomhchleactadh oiliúna a tionóladh i Winchester, sa Ríocht Aontaithe, a dhírigh ar athbhreithniú ar mhórchoireanna le hoifigigh ó PSNI agus ón nGarda Síochána. Ghlac an

fhoireann bhainistíochta shinsearach páirt in oiliúint ar bhainistiú teagmhais chriticiúil.

Chuir Oifigigh Imscrúduithe Shinsearacha cúnamh ar fáil do Choláiste an Gharda Síochána agus iad i mbun cúrsaí bainistithe ar theagmhais thromchúiseacha a reáchtáil. Chruthaigh an cleachtadh seo go maith agus thug deis do GSOC aithne a chur ar ghardaí a gcasfaí orthu b'fhéidir ag teagmhais réadacha, agus chun ról GSOC a mhíniú. Tacaíonn an fhealsúnacht seo freisin le rannpháirtíocht na n-imscrúdaitheoirí i seimineáir a thug GSOC d'oiliúint inmheánach an Gharda Síochána agus do grúpaí athbhreithnithe. Bhraith GSOC go raibh toradh ar an gcleachtadh seo agus tá sé i gceist leanúint ar aghaidh ag cur oiread cúnaimh agus is féidir ar fáil don Gharda Síochána maidir leis sin.

#### 4.1.5 Acmhainní Daonna

Thug an t-aonad Acmhainni Daonna (HR) cineálacha éagsúla tascanna chun críche i 2007

- Thug sé lámhleabhar foirne cuimsitheach chun críche agus dáileadh é
- _Stiúraigh sé feachtais earcaíochta i dteagmháil leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí…(Oifigeach Seirbhíse, Leabharlannaí, Oifigigh Imscrúduithe)
- Chuir sé an Córas Bainistithe Acmhainní Daonna i bhfeidhm
- Chuir sé córas Ama & Freastail i bhfeidhm
- Chuir sé comhairle HR ar fáil don Bhainistíocht
- D'éascaigh sé oiliúint laistigh de GSOC
- Bhunaigh sé rúnaíocht GSOC
- _Seirbhís um Chúnamh d'Fhostaithe– chinntigh sé gur ceapadh Oifigeach um Chúnamh d'Fhostaithe do GSOC
- _Dhréachtaigh sé straitéis oiliúna agus forbartha
- _D'éascaigh sé reáchtáil athbhreithnithe promhaidh foirne

### 4.2 Riarachán

Ba thasc riachtanach i rith 2007 bunú struchtúir riaracháin lárnach éifeachtach agus éifeachtúil.

#### 4.2.1 Imscrúduithe

Rinneadh roinn na nImscrúduithe a bhainistiú i gceithre fhoireann imscrúdaithe oibríochta. Bhí oifigeach imscrúdaithe sinsearach i gceannas ar gach foireann, a rinne bainistiú ar oibríochtaí ó lá go lá de líon na gcás a sannadh don fhoireann sin. Ar líon na gcás sin bhí imscrúduithe ag éirí as gearáin a rinneadh le GSOC agus imscrúduithe ag éirí as alt 102. Cuireadh struchtúir in áit chun socruithe oibre solúbtha a éascú agus chun a chur ar chumas na bhfoirne freagairt 24/7 a chur ar fáil do theagmhais. Theastaigh acmhainní fhairsinge ó theagmhais áirithe, go háirithe iad sin a raibh básanna i gceist iontu. Bhí sé seo thar a bheith dochraideach ag cur méid geografach réigiún dlínse GSOC san áireamh.

Rinneadh Meamraim Tuisceana leis

- Na Fórsaí Cosanta
- An Saotharlann Eolaíochta Fóiréinsí

- An Lárionad Éigeandála um Éigniú
- OPONI
- IPCC

4.2.2 Seirbhísí Dlíthiúla

Bhí baint mhór ag an Roinn Dlí, a chuimsíonn trí dhlíodóir, feidhmeannach dlí agus cúntóir riaracháin le forbairt chóras agus próiseas atá ag comhlíonadh an Achta. Chuir sé seirbhís chomhairleach dlí ar fáil freisin do gach páirt den eagraíocht, lena n-áirítear na Coimisinéirí, Cás-oifigigh, Imscrúdaitheoirí agus Seirbhísí Corparáideacha. Bhí baint mhór aige le dearadh agus seachadadh oiliúna rialta d'fhoireann GSOC chomh maith le bheith rannpháirteach i gclár for-rochtana na heagraíochta. Bhí baint aige le forbairt socruithe oibre le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ( DPP).

4.2.3 Seirbhísí Corparáideacha

Bhunaigh Seiribhísí Corparáideacha córais do gach sainsheirbhís riachtanach laistigh den eagraíocht. Tugadh tosaíocht do na córais ba riachtanaí sa chéim réamhoscailte den bhliain le cur ar chumas GSOC a dhóirsí a oscailt agus dul i mbun feidhmíochta mar a bhí beartaithe. De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, bunaíodh córais eile. Baineann na mórchóras atá i bhfeidhm le

- Seirbhísí Poist
- Seirbhísí Soláthar agus Tairsceana Ginearálta GSOC
- Bainistiú Timpeallachta laistigh d'áitreabh GSOC
- Comhadú Seirbhísí Corparáideacha agus Soláthar
- Bainistiú Saoráidí Ginearálta
- Bunú seirbhísí

4.2.4 Foirgneamh

Réitíodh 150, Sráíd na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 do GSOC. Ar eagrú an tionscadail seo bhí leithdháileadh deisce, pacaí stáiseanóireachta, clárú teileafón, leithdháileadh fóin phóca, pacáistí fáilte, lámhleabhair foirne, socruithe slándála agus socruithe rochtana ar urlár, ordú treallaimh agus cur i ngíomh próiseas, comhordú aistrithe agus ullmhú suaitheantais aitheantais.

- Atheagrú foirgnimh
- Éascú alonnaithe foirne, ullmhú do theacht foirne nua etc.
- Riachtanais oifige aonair
- Liosta fabhtanna gach réimse agus bainistiú réiteach
- Tionscadal maolaithe foirgnimh Building softening project

• _Tionscadal athruithe foirgnimh: an réamhobair críochnaithe roimh Nollaig 07

Idirchaidreamh le hAiltireacht OPW agus M&E

- Idirchaidreamh le tiarna talún/ idirchaidreamh le conraitheoir tógála.

4.2.5 Beartais:

- Dréachtadh beartais chorparáidigh roimh Bealtaine 2007

• _Mionathruithe céimseacha agus dréachtadh agus cur i ngníomh leanúnach gach gné de bhainistiú agus soláthar corparáideach

4.2.6 Sábháilteacht

- Ráiteas Sábháilteachta dréachtaithe agus curtha i ngníomh do GSOC, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach
- Cleachtadh Dóiteáin éigeantach déanta
- Suirbhé agus tástáil ar Threalamh Dóiteáin GSOC.
- Cuairt ar an láthair tugtha ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, ar iarratas GSOC

4.2.7 Infrastruchtúr Theicneolaíocht an Eolais

Shuiteáil Eircom infrastruchtúr ICT i GSOC i Márta/Aibreán 2007.

Áirítear ann:

- Braisle Malartáin Microsoft (Ríomhphost)
- Rialaitheoir Fearainn Windows
- Freastalaí Comhad & Priontála
- 5 Freastalaí Feidhmchláir
- Inneall Polasaí Ábhar Poist
- freastalaí eatramhach CMS
- freastalaí srianadh rochtana
- péire ballaí dóiteáin ard-inúsáidteachta
- aonad cúltaca agus aischur
- líonra ceantair stórála.

Úsáideann an córas teileafóin (a shuiteáil Eircom faoin gconradh céanna) teicnicí VoIP do lascadh agus do dháileadh glaonna. Tá an córas teileafóin leagtha amach sa chaoi gur féidir glaonna isteach chuig an Deasc Cabhrach Cásbhainistithe a thaifeadadh.

Is éard atá sa Líonra Ceantair Áitiúil ná socrú de Lascanna Cisco agus córas cábla struchtúrtha Cat 6.

4.2.8 Ríomhaireacht Mhóibíleach:

Bíonn an t-aonad imscrúdaithe ag brath go mór ar ríomhaireacht mhóibíleach. Tá ríomhairí glúine agus/nó aonaid XDA curtha ar fáil don fhoireann. Tá tiomántáin chrua na Ríomhairí Glúine criptithe and déantar gach cumarsáid leis an bPríomhoifig ar Líonra Príobháideach Fíorúil (VPN) a dhéanann criptiú ar shonraí tráchta agus a chosnaíonn ar chúléisteacht agus a chosnaíonn sláine na sonraí ar an líonra.

4.2.9 An Córas Cásbhainistithe

Bronnadh an Conradh do Sholáthar, suiteáil & tacaíocht do Réiteach Cásbhainistithe ar ICS Computing Ltd., 205 Airport Road West, Béal Feirste, BT3 9ED, Tuaisceart Éireann. Cuireadh tús leis an tionscadal seo ag tús Meithimh 2007 nuair a tionóladh roinnt Ceardlanna Próiseála Gnó chun riachtanais GSOC do Chóras Cásbhainistithe a bhunú.

- Tugadh sainmhíniú ar na próisis Gnó agus aontaíodh iad i lár mí Lúnasa

- _Reáchtáladh ceardlanna ar dhearadh scáileáin ó 16/7/07 go 24/7/07. Cuireadh tús leis an obair fhorbatha ar bhogearra ar 22/8/07 agus leanadh leis don chuid eile de 2007.
- _Cuireadh tús leis an sruth oibre Ascnaimh Sonraí den tionscadal CMS ar 17/9/07 agus tá sé ar siúl i gcónaí
  - Thángthas ar réiteach maidir le Sonrú & Anailís Tuarascálacha MIS i Meán Fómhair 2007
  - Rinneadh anailís ar riachtanais oiliúna idir 30/10/07 – 30/11/07
- _Cuireadh tús le forbairt Tuarascálacha MIS ar 31/10/07 agus leanadh leis don chuid eile den bhliain

#### 4.2.10 Seirbhísí Tacaíochta IT

Bronnadh an conradh chun seirbhísí Tacaíochta IT a chur ar fáil do GSOC ar Fujitsu. Thosaigh an pearsanra tacaíochta i Márta 2007. D'fhág an conradh go bhféadfaí glaoch ar dhaoine den fhoireann de réir mar a theastaigh ar feadh tréimhse bliana. Lorgaíodh agus fuarthas cead ar roinnt ócáidí i rith na bliana chun foireann Tacaíochta ón Aonad Srianadh IT sa Roinn Airgeadais a choinneáil go leanúnach.

#### 4.2.11 Measúnú Leochailleachta

Rinne RITS measúnú leochailleachta ar infrastruchtúr ICT GSOC i Lúnasa 2007. San áireamh sa mheasúnú seo bhí tástáil treáite áit a ndearna RITS iarracht (agus theip orthu) rochtain neamhúdaraithe a fháil ar an infrastruchtúr IT. D'eisigh RITS tuarascáil an-dearfach maidir leis na córais shlándála atá le fáil i GSOC.

### 4.3 Gnó

Bainistiú Airgeadais

Tá tuairisciú maidir le cuntais agus iniúchtaí GSOC clúdaithe faoi alt 77 den Acht agus is rud ar leith é ón tuarascáil seo. Go ginearálta, bhí buiséad GSOCR i 2007 níos mó ná buiséad 2008 ag éirí as soláthar i bhfigiúr 2007 chun fáil ar léas ar oifigí agus feistiú amach na hoifige don eagraíocht a chlúdach.

Tábla 12: Buiséad agus Caiteachas, Eanáir – Nollaig 2007

Ba bhliain ghnóthach é don aonad airgeadais sa mhéid is gur thosaigh an eagraíocht ag feidhmiú go gairid tar éis gur cuireadh an t-aonad le chéile. Dhéileáil an t-aonad le héilimh feistiú leanúnach an fhoirgnimh agus tairscintí leanúnacha do sheirbhísí éagsúla mar aon le dearadh agus feidhmiú struchtúr chun maoiniú eagraíochta a raibh cineálacha éagsúla caiteachais aici a bhainistiú e.g. foirne ar an mbóthar; riachtanais aistriúcháin; táirgeadh leabhráin eolais; uirlisí oideachasúla agus for-rochtana; athruithe ar líon na foirne. Chun deabhainistiú agus tuairisciú ar chúrsaí airgeadais GSOC, dhírigh an t-aonad airgeadais ar na gnóthachtálacha seo a leanas le linn 2007:

- Táirgeadh Lámhleabhair ar Nósanna Imeachta Airgeadais
- Athchóiriú chun éifeachta ar nósanna imeachta airgeadais na heagraíochta
- Cur isteach tuarascálacha míosúla mionsonraithe ar chaiteachas GSOC
- Forbairt Chlár Airgeadais GSOC

- Forbairt ar Fhoirmeacha Nósanna Imeachta Airgeadais GSOC
- Filteán Eolais Cánach – a thugann cúnamh don fhoireann ar cheisteanna cánach ginearálta
- Taifead ar Chlár Sócmhainní
- Taifead lárnach ar gach ceadú de chuid na Roinne Airgeadais

• _Bunú caidreamh oibre le Roinn an Gharda Síochána DJELR – Aonad Airgeadais agus Acmhainní, Seirbhísí Roinnte Airgeadais (DJELR), An Roinn Airgeadais (maidir le Ciorcaláin Taistil agus Chothaithe), an Ghníomhaireacht um Éilimh Stáit

• _Críochnú cúrsa ar Réamheolas ar Bhainistiú Airgeadais Phoiblí ag HEO agus EO

• _Ballraíocht agus ranníocaíocht GSOC do Líonra Bainistithe Riosca, an Ghníomhaireacht um Éilimh Stáit.

Bainistíocht GSOC leis na foirne Riaracháin ar an lá seolta, 8 Bealtaine 2007

4

Catherine Bermingham

Oibríonn sí sa rannóg HR agus freastlaíonn sí ar DIT san óiche, áit a bhfuil Céim i mBainistiú Acmhainní Daonna ar siúl aici. Ar bhonn laethúil, freagraíonn sí ceisteanna HR ginearálta maidir le pá, saoire, am breise, pinsin, flexi, etc. Déanann sí riaradh ar chórais Clockwise agus HRMS agus bíonn sí i dteagmháil leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le hearcú agus í ag cuidiú freisin le hionduchtú comhaltaí nua foirne.

Paul Rothwell

a d'oibrigh leis an mBinse Achomhairc Dídeanaithe roimhe seo. Is Príomhoifigeach Cúnta é atá freagrach as Seirbhísí Corparáideacha (lena n-áirítear Airgeadas), Acmhainní Daonna & Oiliúint. Tacaíonn sé leis an Stiúrthóir Riaracháin, ag cuidiú le treorú agus le bainistiú na foirne a chuireann na hacmhainní riachtanacha agus na seirbhísí oifige go léir ar fáil sa chaoi go mbeidh ar chumas aonaid ghnó eile agus daoine aonair i GSOC freastal ar dhualgais reachtúla GSOC.

Tara Cassidy

Tháinig sí go GSOC ó Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe. Is Ardoifigeach Feidhmiúcháin í i Seirbhísí Corparáideacha áit a bhfuil ról oifigeach bainistithe saoráidí agus soláthair aici. Tá sí ainmnithe freisin mar Rúnaí ar an gCoimisiún. Mar Rúnaí an Choimisiúin tógann Tara miontuairiscí cruinnithe an Choimisinéara/Choiste Gnó agus éascaíonn feidhmeanna rialachais mar dhoiciméadú a dhréachtadh do thoscaireachtaí, ainmníochtaí agus rún agus fíordheimhníonn sí séala oifigiúil GSOC.

Láthair fáilte GSOC roimh agus tar éis an lá seolta.

Oifig Imscrúduithe GSOC roimh agus tar éis an lá seolta.

Margot Loughman

Is Oifigeach Riaracháin í agus baineann cuid mhór dá post le réimsí a aithint in ar ghá beartais a dhréachtadh agus a fhorbairt. Chuige seo teastaíonn léargas ginearálta leathan ar chéard atá ag titim amach laistigh den eagraíocht. Tá sí ag obair ar Ráiteas Straitéise agus ar Phlean Gnó faoi láthair.

Paul Ng

Rugadh i Learpholl é agus d'oibrigh sé leis an bPríomh-Oifig Staidrimh roimhe seo. Tá sé ag obair i rannóg an IT i GSOC. Ó lá go lá reáchtálann sé an deasc chabhrach don rannóg, ag glacadh agus ag freagairt ceisteanna IT. D'fhéadfadh gur ceisteanna ginearálta deisce nó tionscadail níos mó mar shaincheisteanna líonraithe a bheadh i gceist.

Catagóir
Caiteachas Buiséid Bunaidh
Jan.-Dec. 2007 *
An Buiséad atá Fágtha

A01 Tuarastail, Pá & Liúntais
€3,369,691.28

A02 Taisteal & Cothú
€177,864.58

A03 – Costais Theagmhasacha
€1,132,062.31

A04 – Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide
€198,945.28

A05 – Innealra Oifge & Soláthairtí Oifige Eile
€2,450,358.75

A06 – Caiteachas Oifige & Áitribh
€6,600,856.35

A07 – Seirbhísí Comhairliúcháin
€129,285.90

A08 – Caiteachas Taighde
€19,844.00

Códanna Éagsúla
€21,000.74

Iomláin
€17,027,000.00
€14,099,909.19
€2,927,090.81

CAIBIDIL 5

5. Conclúid

Tá na Coimisinéirí den tuairim go ndearnadh dul chun cinn sásúil chun GSOC a bhunú mar chomhlacht feidhmiúcháin le linn na tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil seo.

Bhí méid na gníomhaíochta níos airde, mar a bhíothas ag súil leis, ná an méid a bhí ag Bord Gearán an Gharda Síochána (GSCB). Cuireann an tAcht roinnt feidhmeanna breise ar GSOC maidir leis an nGarda Síochána nár bhain le GSCB.

Tá maoirseacht shibhialta ar phóilíní, le hacmhainní neamhspleácha, ina tús sa Stát seo. Tá na Coimisinéirí den tuairim mar sin gur obair idir lámha i gcónaí í, go pointe, bunú agus forbairt GSOC. Tá cuid mhór fós le déanamh chun an eagraíocht a thabhairt go barrmhaitheas éifeachtachta agus éifeachtúlachta.

Gníomhaíocht Oibríochtúil

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú ghlac GSOC le 2084 gearán in iomlán in aghaidh comhaltaí den Gharda Síochána. De na gearáin seo cinneadh go raibh 556 neamhg-inghlactha. Bhí 952 inghlactha.

Sa tréimhse chéanna ghlac GSOC le 247 tarchur ó Choimisinéir an Gharda Síochána faoi Alt 102 (1) d'Acht an Gharda Síochána 2005. Is cásanna iad seo inar léir don Choimisinéir go bhféadfadh gur eascair bás nó díobháil thromchúiseach do dhuine dá mbarr.

Bhain dhá cheann déag de na tarchuir seo le bás duine.

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, shocraigh na Coimisinéirí tús a chur le himscrúdú amháin chun leasa an phobail, faoi Alt 102(4) den Acht.

Scríobh na Coimisinéirí chuig an Aire faoi dhó le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, faoi scrúduithe faoi alt 106 den Acht. D'aontaigh an tAire go ndéanfaí scrúdú amháin dá leithéid.

Feidhmiú an Achta

Creideann na Coimisinéirí go bhfuil na forálacha iomchuí d’Acht an Gharda Síochána 2005 oiriúnach go ginearálta le GSOC a chumasú chun a dhualgais a chomhlíonadh.

Ina dhiaidh sin féin, agus an eagraíocht ag druidim i dtreo lánstádais oibríochtúil, is léir go bhfuil mionathruithe áirithe ag teastáil.

Cuireadh roinnt leasaithe isteach san Acht um Cheartas Coiriúil 2007 ar iarratas na gCoimisinéirí. Tá tuilleadh leasuithe á n-éileamh anois agus tá GSOC i mbun comhráití le hoifigigh DJELR chun iad seo a chur chun cinn. Tá mionsonraí na leasuithe seo leagtha amach sa Tuarascáil Dhá Bhliana de chuid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána a cuireadh i láthair an Aire i bhFeabhra 2008, de réir alt 80(2) den Acht.

Creideann GSOC, agus na leasaithe cuí i bhfeidhm, go mbeidh sé ar chumas GSOC déileáil go gasta agus go cuí le líon mór gearán sách beagbhríoch. Cuirfidh sé seo, ar a sheal, ar chumas na heagraíochta a cuid acmhainní a dhíriú ar chúrsaí níos tromchúisí. Ba mhaith leis na Coimisinéiri a mbuíochas a chur in iul as freagrúlacht agus cuirtéis oifigigh iomchuí DJELR ina gcomhráití leo ar na hábhair seo.

## Acmhainní

Dúirt tuarascáil (2005) an choiste, a raibh an t-Iarsheanadóir Maurice Hayes ina chathaoirleach air, tuarascáil a leag amach an teimpléad do bhunú GSOC, go gcaithfí sainmhíniú ar acmhainní na heagraíochta a thabhairt de réir scála an phoist a chaithfeadh sí a dhéanamh, agus ní an bealach eile. Agus í ag tosú amach measadh go mb’fhéidir go mbeadh foireann thart ar 100 duine oiriúnach, ag an tús féin, don obair a bhí roimpi amach. Bunaíodh é seo ar roinnt bonn tuisceana maidir le scóp agus le scála freagrachtaí agus dualgais GSOC faoin Acht.

Ach de réir mar ab éigean léirmhíniú a dhéanamh ar an Acht, ba léir go raibh ualach oibre GSOC i bhfad níos mó ná mar a bhí súil leis. Ar an mbealach céanna rinne codanna eile den Acht, mar ab éigean léirmhíniú a dhéanamh air, teorannú ar chumas na heagraíochta déileáil go gasta agus go héifeachtach le cuid mhaith de na fiosrúcháin.

Tá acmhainní measartha ag GSOC i gcomparáid lena mhacsamhail i dTuaisceart Éireann a dhéileálann le seirbhís póilíní agus daonra níos lú ná mar atá sa dlínse seo. Ceapann na Coimisinéirí go mbeifear ábalta riachtanais acmhainní daonna na heagraíochta a mheas go cruinn, i ndáil lena hualach oibre, nuair a thabharfar éifeacht do na leasaaithe reachtúla.

## An Fhoireann ag GSOC

Ba mhaith leis na Coimisinéirí a n-ómós a chur in iúl don tiomantas a léirigh foireann na heagraíochta ag gach leibheal i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú.

Earcadh cuid mhaith de bhaill na foirne ó dhlínsí eile agus thugadar scileanna tábhachtacha in éineacht leo. Aithnítear go mbíonn dúshláin ar leith acu siúd atá i rólanna maoirseachta nó ceannaireachta go mbíonn orthu foirne éifeachtacha a chur le chéile ó phearsanra ó chúlraí éagsúla.

Tá comhaltaí na Foirne Idirlinne a sannadh do GSOC ó ranna agus seirbhísí eile sa tseirbhís phoiblí agus an Coimisiún ag tosaí amach, sannaithe anois go háiteanna eile. Ba mhaith leis na Coimisinéirí a n-ómós a chur in iúl faoi obair chomhaltaí na Foirne Idirlinne.

Ba mhaith leis na Coimisinéirí aitheantas a thabhairt freisin d'ionchur tábhachtach roinnt daoine lárnacha a chuidigh ar bhonn comhairliúcháin i rith na bliana.

## Cúnamh agus Caidrimh Eachtrach

Bhí caidreamh ag líon mór eagraíochtaí agus daoine aonair leis an eagraíocht i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú agus ba mhaith leis na Coimisinéirí aitheantas a thabhairt don chúnamh seo. Orthu seo áirítear:

Saotharlann Fhóiréinseach an Stáit
Seirbhís an Phaiteolaí Stáit
Seirbhísí Cróinéara
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
An tAerchór
Bord Gearán an Gharda Síochána
Cumainn foirne na nGardaí
Na meáin nuachta
Binse Fiosraithe Morris
An tSeirbhís Chúirteanna
Pearsanra cúirteanna, breithiúnacha agus eile
Coláiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór
Cumann Onórach Óstaí an Rí
Ollscoil Portsmouth
Pearsanra HSE
Ombudsmans Association of Great Britain and Ireland

Oifig Ombudsman na bPóilíní do Thuaisceart Éireann

Independent Police Complaints Commission (for England and Wales)
An Lár-áis Iontrála
Bord Gearán an Gharda Síochána
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Feidhmeannacht na Seirbhíse Poiblí
Páirtnéirí Eorpacha in aghaidh Caimiléireachta
Cumann Náisiúnta um Mhaoirseacht Shibhialta ar Fhorfheidhmiú an Dlí
Canadian Association for Civilian Oversight of Law Enforcement
Oifig na nOibreachta Poiblí
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
An Roinn Airgeadais.

## An Garda Síochána agus GSOC

Ó laethanta luath a gceapachán mheabhraigh na Coimisinéirí nach mbainfí cuspóirí GSOC amach ach le comhoibriú agus tacaíocht an Gharda Síochána féin.

Chuir na Coimisinéirí béim ar chomhchuspóirí an dá eagraíochta agus an tsuim atá acu araon i bhforbairt chórais atá éifeachtach, éifeachtúil agus cóir chun déileáil le gearáin ach muinín an phobail a choinneáil.

Ba mhaith leis na Coimisinéirí a n-ómós a chur in iúl faoi chomhoibriú agus faoi chúnamh tráthúil an Gharda Síochána ag gach leibhéal agus i ngach roinn thar thréimhse an athbhreithnithe.

Is cinnte go n-éireoidh cúrsaí sa chaidreamh idir an dá eagraíocht a bheidh casta, deacair agus íogair.

Is údar sásaimh ar leith a thabhairt ar aird gur éirigh go maith tríd is tríd le socruithe oibre idir oifigigh GSOC agus pearsanra an Gharda Síochána ar an talamh agus gur stiúradh iad go gairmiúil agus le cóimheas. .

Conclúid

Ón tús léirigh na Coimisinéirí go soiléir cé go bhfuil na cumhachta riachtanacha ag GSOC freagairt don mhí-iompar, go gceapann siad go bhfuil ról coisctheach tábhachtach ag an eagraíocht.

Choinnigh na Coimisinéirí a bhfócas ar dhá chomhchuspóir na heagraíochta, mar a fhoráltar faoin Acht: feidhmiú córas gearán atá éifeachtach, éifeachtúil agus cóir, agus muinín sa chóras sin a chur chun cinn.

Beidh na cúinsí seo lárnach d’fhorbairt leanúnach GSOC agus múnlóidh siad an cur chuige don obair atá roimhe amach.